

# ☼ An Lúibín ☼

13 Meitheamh 2007

## **Gaeilge agus Gaeilge eile**

*The Irish language is changing; its idiosyncrasies are being smoothed to fit a European mould.*

Bíonn cead cainte ag fear cailte an imeartha, a deir an seanfhocal. Bíonn, ach cé chuirfeadh in iúl mar sin inniu é? Is é an leagan ba dhóichí a gheofá, *Bíonn cead ag an gcailliúnaí dul i mbun próiséas gearáin.*

Tá an Ghaeilge á hathmhúnlú ar dhóigh a maolaíonn a cuid saintréithe. Tá baint aige seo le cúlú na Gaeltachta agus le neartú na Gaeilge nua cathrach – Gaeilge atá bunaithe ar fhoirmeacha cúnga na scoileanna agus atá faoi anáil bhuan an Bhéarla. Tá an teanga ag éirí níos cosúla le teangacha eile na hEorpa, beag beann ar chaint thírúil scóipiúil na seanchainteoirí dúchais. Tá na cnapáin á réiteach agus léargas ar athrach meoin le fáil sa difríocht.

Tá a rian sin ar chanúint na n-iriseoirí. Seo sampla ó nuachtán Gaeilge:

Tá an Taoiseach tar éis a rá go bhfuil sé ar son stádas breise a fháil don Ghaeilge san Aontas Eorpach.

‘Níl sé ráite agam nach bhfuil an Rialtas ag lorg stádas níos fearr don Ghaeilge ag leibhéal an Aontais Eorpaigh,’ a dúirt an Taoiseach. ‘An rud atá ráite agam go caithfidimid bheith soiléir má lorgaimid rud éigin go bhfuil seans réasúnta againn é a fháil.’

Ag tagairt do bhunú an ghrúpa idir-rann atá ag plé na ceiste seo faoi láthair, dúirt an Taoiseach go raibh sé ‘ró-luath’ chun aon rud a chinneadh go dtí go mbeadh tuairisc an ghrúpa sin ar fáil don Rialtas taobh istigh de dhá mhí.

Gaeilge líofa phroifisiúnta iriseoiriúil atá anseo, an saghas Gaeilge (nó Béarla nó Iodáilise nó Fraicise) a úsáidtear le haghaidh aon phíosa gnáthnuachta. Scriobhann tú faoi dheifir é agus easpa ama ort, agus ní féidir na sean-nathanna a sheachaint, go háirithe na cinn atá le fáil sa dara teanga agat. Bíonn an Taoiseach ag caint i mBéarla, ar ndóigh, agus bíonn macalla na teanga sin i do chluasa. Ach d’fhéadfá leagan eile a dhéanamh, ceann a bhí níos gonta, níos blasta, beagán níos ceolmhaire.

Is gearr ó dúirt an Taoiseach go bhfuil sé le hardú céime a thabhairt don Ghaeilge san Aontas Eorpach.

‘Ní hamhlaidh a dúirt mé nach bhfuil an Rialtas ag iarraidh an Ghaeilge a threisiú san Aontas Eorpach,’ a dúirt an Taoiseach. ‘Is é a dúirt mé go gcaithfidimid a bheith cinnte de má lorgaimid rud éigin go bhfuil seans réasúnta againn é a fháil.’

Ag tagairt do bhunú an ghrúpa idir-rann atá ag cíoradh na ceiste seo, dúirt an Taoiseach go raibh sé ‘róluath’ aon rud a shocrú go dtí go bhfaigheadh an Rialtas tuairisc an ghrúpa sin, rud a tharlódh taobh istigh de dhá mhí.

Maith go leor, a déarfadh an t-iriseoir, ach nílimid ag iarraidh ardlitríocht a chumadh, i gcead duit; agus más olc maith leat é, baineann stíl agus friotal an chéad leagan leis an saol atá inár dtimpeall – saol a bhfuil teanga eile i réim ann.

Iompaímis arís ar fhear caillte na himeartha. Déarfá go bhfuil an imirt caillte i ndáiríre sa chás seo, más ag súil le saibhreas a bhí tú; ach tiocfaidh an teanga slán ar a slí féin. Tá sé rófhurasta Gaeilge na comharsa a lochtú agus a fheabhsú. Os a choinne sin, ní olc an rud é aird a bheith againn ar na hathruithe, ós rud é nach call dúinn gach blúire dár n-iarmhais theanga a thréigean. Cibé scéal é, tá Gaeilge anois ann a thagann gan ghléasanna cama cainte na glúine romhainn. Is leor cúpla sampla chun é sin a léiriú. Is annamh anois a úsáidtear *déan* mar ghléas cúntach: *Déanfaidh sí béile a réiteach* nó *Rinne sé an t-airgead a chailleadh*. Tá deireadh freisin le *lucht léite nuachtán* (nó *lucht nuachtáin a léamh*) agus, ar ndóigh, le *fear caillte na himeartha*. Ba rogha leis an nGaeilge riamh an frása seachas an focal chun rudaí éigin a chur in iúl, agus b'aclaí an gléas an t-ainm briathartha chuige, ach casann rothaí móra an tsaoil. Tráchtar anois ar *thodhchaí na Gaeilge* seachas ar a *bhfuil i ndán di*. Tá cluiche amháin caillte, ach tá cluiche nua ar siúl.



### **Eoraip na nGael**

*An conference of European Irish-language groups is to be held in Frankfurt.*

Is gearr go mbeidh *Gaeltacht Europe* ar siúl: comhdháil i bhFrankfurt na Gearmáine a bhfuil de chuspóir aici líonra grúpaí Gaeilge a chur ar bun. Beidh a lán de na grúpaí sin ag caint le chéile ann faoina bhfuil le déanamh feasta san Aontas Eorpach. Cuirfear borradh na Gaeilge san Eoraip trí chéile (mionbhorrath, cinnte), in éineacht le scéimeanna cúnta agus an léann Ceilteach.

Is annamh a chloisfeá an Ghaeilge ar shráideanna na hÉireann, agus san Eoraip tá sí gan chluí ar bith; is beag nach bhfuil dearmad iomlán déanta ar a ndearna na Gaeil ar an Mór-Roinn ó ré na manach i leith. Molaimis aon iarracht a dhéantar ar an teanga a threisiú ann.

Tosóidh an chomhdháil Dé hAoine, 15 Meitheamh. Tá breis eolais le fáil ó Dharagh Ó Tuama ar: [daragh@glornangael.ie](mailto:daragh@glornangael.ie).



### **Tús teagaisc**

*Talks continue in Ireland about the Minister's order regarding the teaching of English in the Gaelscoileanna.*

Thóg an tAire Oideachais iaróg agus í á rá go raibh sí le hordú a thabhairt do Ghaelscoileanna tosú ag múineadh Béarla i rang na Naíonán Beag, ordú nach raibh ag cur le tuairim na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ná leis an taighde ar an tumoideachas.

Dúirt an CNCM gurbh fhearr modh an teagaisc a fhágáil faoi na scoileanna go dtí go ndéanfaí taighde in Éirinn ar an mbealach is fearr chun an dá theanga a mhúineadh. I dTuaisceart Éireann (*Lá Nua* 1/6/07) tá cead ag na Gaelscoileanna teagasc an Bhéarla a chur siar go dtí Rang 4 sna bunscoileanna (sin Rang 2 sa Phoblacht).

B'fhéidir nach raibh súil ag an Aire leis an oiread sin achrainn. Is é an scéala is deireanaí é go bhfuil sí féin agus oifigigh shinsearacha na Roinne ag caint le Foras na Gaeilge, leis an eagraíocht Gaelscoileanna agus leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta – as Béarla, ar ndóigh.



## **Teangacha sa bhaile**

*Influential Australian academics are concerned about a 'crisis' in the teaching of foreign languages in schools and universities. But how efficacious are the suggested remedies?*

Deir na hocht n-ollscoileanna taighde Astrálacha is tábhachtaí (an *Group of Eight*) go bhfuil múineadh teangacha 'i gcruachás' sna scoileanna. Tá siad ag éileamh go ndéanfadh na rialtais chónasctha agus stáit rud éigin chun drochiarmaí an aonteangachais i gcúrsaí geilleagair agus slándála a sheachaint.

Is mian leo daltaí a chur ag foghlaim teanga eile ón mbunscoil go dtí deireadh na meánscoile. Faoi láthair déanann mórán daltaí teanga iasachta a fhoghlaim, ach ní féidir i gcónaí leanúint den teanga chéanna tar éis na bunscoile agus is minic a fhágtar an dara teanga ar lár tar éis cúpla bliain. Dá bhrí sin níl ach 13% de dhaltaí ag fágáil na meánscoile le teanga nach Béarla í.

Dúirt stiúrthóir an Ghrúpa nach dtuigtear gurb é seo an ganntanas scileanna is mó sa tír, rud a bhaineann go díreach le dul chun cinn na hAstráile i saol seo an domhandaithe. Molann an páipéar díospóireachta go ndéanfaí ábhar riachtanach de theangacha iasachta de réir a chéile.

Tá moltaí eile ann:

Marcanna breise a thabhairt do dhaltaí má thugann siad teanga eile leo i mbliain dheiridh na meánscoile, mar a dhéantar cheana i stát Victoria;

Feachtas náisiúnta chun na buntáistí a leanann eolas ar theangacha iasachta a chur in iúl;

Breis airgid chun cúrsaí teanga a neartú sna hollscoileanna, agus chun cur le huimhir agus le hoiliúint na múinteoirí.

Luaitear an cinneadh a rinneadh sa bhliain 2002 fáil réidh le clár náisiúnta na dteangacha Áiseacha sna scoileanna agus an fhaillí a rinne a lán rialtas i gceist na dteangacha.

Is maith an rud é go bhfuil spéis ag lucht suntasach léinn sa scéal, agus ba dheacair cur i gcoinne na moltaí a rinneadh. Is léir gur chuir clár úd na dteangacha Áiseacha mórán daltaí ag foghlaim Indinéisise, Síneise agus eile. Ach tá an Astráil ag díol as an iargúlacht. Is féidir leat an mheirg a choinneáil ó do chuid Arabaise nó Iodáilise má tá a leithéidí á labhairt ag an gcomharsa, ach sin socrú príobháideach; as Béarla amháin a bhaintear feidhm i saol an mhórfhobail, agus is mór idir sin agus an coimheascar beoga teangacha a gheofá san India nó san Eilbhéis. Tagann an mheirg arís ar an teanga nach n-úsáidtear ach go annamh.

Níl na moltaí go dona, ach ná bíodh dóchas rólaídir againn astu. Bímis sásta leis an tairbhe beag: méadú áirithe ar an gcuid daltaí a dhéanann Indinéisise, mar shampla, agus dearcadh níos tuisceanaí i leith fheidhmiú an Bhéarla féin.



## **Acht na Gaeilge**

*Submissions regarding Irish language legislation in Northern Ireland are ready to be counted.*

Tá deireadh anois leis an obair chomhairliúchain a bhí ar siúl i ngeall ar Acht na Gaeilge a bheith ann i dTuaisceart Éireann.

Tá 11,000 aighneacht faighte ag an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, de réir eolais a fuarthas an tseachtain seo.

Sa chéad bhabhta ní bhfuarthas ach 660 aighneacht, agus a bhformhór ar son an Achta. Dúradh gurb é ba chúis leis sin an oiread sin aontachtaithe a bheith ar bheagán eolais faoin reachtaíocht. Is cosúil go raibh siad ullmhaithe chun na hoibre an uair seo. Faoi 30/05/07 bhí 54% ar son na reachtaíochta agus 46% ina haghaidh.

Síltear go mbeidh an chuid is mó de na haighneachtaí i bhfabhar an Achta an uair seo, ach ní bheidh a dhearbhuí sin le fáil go ceann roinnt míonna. Ba mhór an cúnambh, ar ndóigh, díograis na ngníomhaithe Gaeilge, daoine 'a d'ullmhaigh freagraí dearfacha a raibh meáchan leo,' mar a dúirt duine de na ngníomhaithe céanna. (Uisce faoi thalamh a thabharfadh a naimhde air, gan dabht.)



**BLOOMSDAY**  
**Melbourne**  
**16 Meitheamh 2007**

(agus ní mór áit a chur in áirithe)

**An Seoigheach agus na hÍosagánaigh ag Coláiste Newman**

Na hÍosagánaigh a chuir oideachas ar an Seoigheach ó thús deireadh. Bhí idir fháilte agus dhoicheall air roimh an tionchar sin.

Beidh seó agus seimineár ag Coláiste Newman, Ollscoil Mhelbourne, 887 Sráid Swanston, Parkville.

Na himeachtaí:

12.00pm: **Turas timpeall an Choláiste**, áit ar dhear Walter Burley Griffin í, le Jeff Turnbull, staraí an Choláiste agus Ollamh le hAilteoireacht. Saor in aisce.

1.00pm: **Jejeune Jesuit** (Seó maidine) \$30.00  
Tá an seó seo bunaithe ar *Phortráid an Ealaíontóra mar Fhear Óg*, agus tugann sé aird ar leith ar Stiofán Dedalus agus ar na hÍosánaigh.

3.00pm: **Tae tráthnóna** – caife, tae agus cácaí \$5.00

4.00-6.00pm: **Seimineár** - An Seoigheach agus na hÍosagánaigh \$20.00  
An tOllamh Greg Dening: 'Joyce and the Soul of Irish Jesuitry'  
An tOllamh Cúnta Richard O'Sullivan: 'Alluding to James Joyce - not as a Catholic but as a Jesuit'  
An tOllamh Peter Steele: 'A Poem and its Pendant' (machnamh ar Bhelvedere agus ar an Seoigheach féin)

6.00pm: **Suipéar**

8.00pm: **Jejeune Jesuit** (Seó tráthnóna) \$30.00

**Ticéid: Glaoigh ar Bhob ar 03 9898 2900.**

Ticéad lae: \$50.00 – aon seó amháin, an seimineár, tae tráthnóna agus an turas.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun: [colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au)**

*If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to [colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au)*